Parlaimint na hEorpa
2014-2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2019)0147

Cinneadh cur chun feidhme maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA sa Ríocht Aontaithe *

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 maidir leis an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA sa Ríocht Aontaithe (13123/2018 – C8-0474/2018 – 2018/0812(CNS))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréacht ón gComhairle (13123/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 39(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, mar a leasaítear le Conradh Amstardam, agus d'Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 36 maidir le forálacha idirthréimhseacha, ar dá mbun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an bParlaimint (C8-0164/2018),

– ag féachaint do Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann[1] a chomhrac, agus go háirithe Airteagal 33 de,

– ag féachaint do Riail 78c dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0092/2019),

1. ag formheas an dréacht ón gComhairle;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl don Pharlaimint má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs a d'fhormheas an Pharlaimint;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an téacs a d'fhormheas an Pharlaimint a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig

[1] IO L 210, 6.8.2008, lch. 1.

an gCoimisiún.